



Acmhainní Próiseála Urlabhra don Ghaeilge agus don Bhreatnais: Aibreán 2005

Nuacht: Taifeadadh ar tí tosú...

Cuireadh trialacha ar siúl le príomh-chainteoir a roghnú i rith Mí na Nollag 2004 agus Mí Eanáir 2005. D'éirigh linn cainteoir oiriúnach a roghnú i rith an ama sin. Tá taifeadadh an mhór-chorpais don sintéis 'unit selection' le tosú Mí Bealtaine. Déanadh athbhreithniú ar an gcóras taifeadta agus ceannaíodh treallamh nua le go mbeadh an caighdeán taifeadta ard go leor.

IMEACHTAÍ

- Nollaig 04: Cuairt ó Nick Campbell, saineolaí ar theicneolaíocht urlabhra.
- 2-3 Márta: Ceardlann ar aithint urlabhra i gColáiste na Tríonóide le rannpháirtithe ó TCD, UCD, DCU agus Ollscoil na Breataine Bige. Thug John McKenna ó Roinn na Ríomheolaíochta i DCU réamhrá cuimsitheach ar HTK d'aithint urlabhra.
- 9 Aibreán: Comhdháil do Theangeolaíocht na Gaeilge 2004: Labhróidh Ailbhe, Áine agus Brian faoi WISPR ag an 9ú Comhdháil Bliantúil do Theangeolaíocht na Gaeilge a bhéas ar siúl in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Tabhairfaidh John, Áine agus Brian seimineár ar TTS don Ghaeilge, Centre for Language and Communication Studies, TCD, 28-04-2005.
- Rachaidh ionadaithe ó fhoireann WISPR go dtí comhdháil NAACLT na bliana seo ó 8 - 12 Meitheamh.

Ar Oileán Eile...

Seoladh an ghuth nua Breatnaise...

Sroicheadh cloch mhíle tábhachtach do Teicneolaíocht urlabhra na Breatnaise Mí Dheireadh Fómhair seo chaite nuair a seoladh an chéad ghuth Breatnaise téacs-go-hurlabhra. Oibríonn sé le Microsoft Windows trí MSAPI interface. Tá an ghuth réidh le húsáid le 'screen reader' ar suímh ghréasáin téacs. Seoladh an ghuth go luath le go bhfaighfí aiseolas ó úsáideoirí. Dáileadh foirm aiseolais leis an ghuth le gur féidir an táirge a fheabhsú. Is féidir luas an ghutha a athrú, feidhm atá an-úsáideach de réir dealraimh. Is cosúil go bhfuil an ghuth Breatnaise níos fearr ag luas ard de réir úsáideoirí an ghutha go dtí seo! Is féidir an ghuth a íoschóipeáil ag

<http://www.bangor.ac.uk/ar/cb/wispr/0.1/ReleaseNote.txt>

Úsáideoirí?

- Gaeilgeoirí le míchumas urlabhra (sintéiseoirí urlabhra) agus Gaeilgeoirí le míchumas radhairc ('screen readers')
- Scoláirí atá ag foghlaim Gaeilge sa rang nó ar líne
- Gnóthais Bheaga agus Meánacha atá ag iarraidh teicneolaíocht urlabhra a úsáid ina gcuid táirgí
- An pobal go ginearálta de réir mar a chuireann siad aithne ar shintéis téacs-go-hurlabhra

Le haghaidh tuilleadh eolais...

An Saotharlann Foghraíochta –

Guthán: +353-(0)1-6081348

Rphost: woganj@tcd.ie

Baill foirne...

Éire:

Ailbhe Ní Chasaide
Christer Gobl
John Wogan
Áine Ní Bhriain
Brian Ó Raghallaigh
Irena Yanushevskaya
Fred Cummins
Julie Berndsen
Máire Ní Chiosáin
Elaine Uí Dhonnchadha

Rónán Scaife
John McKenna

An Bhreatain

Bheag:

Delyth Prys
Briony Williams
Dewi Jones
Ivan Uemlianin
Rhys Jones
Ksenia Shalnova



Faigheann tionscadal WISPR maoiniú ón EU Interreg IIIA Community Initiative. Faigheann sé tacaíocht freisin ó TCD, UCD, DCU agus ITÉ a sholáthraíonn acmhainn breise mar thacaíocht don tionscadal.